Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022
(OR. fr)

10503/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0031(COD)**

| | |
|---|---|
| **CODEC 963** | **SAN 402** |
| **COVID-19 126** | **TRANS 425** |
| **JAI 927** | **COCON 44** |
| **POLGEN 91** | **COMIX 337** |
| **FRONT 262** | **SCHENGEN 72** |
| **FREMP 138** | **AVIATION 130** |
| **IPCR 77** | **PHARM 116** |
| **VISA 110** | **RELEX 855** |
| **MI 498** | **TOUR 47** |

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/953 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha vacsaínithe, tástála agus téarnaimh COVID-19 (Deimhniú Digiteach COVID-19 an Aontais) a eisiúint, a fhíorú agus a ghlacadh chun saorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 3 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 21(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí tuairim chomhpháirteach an 14 Márta 2022.

[1] 5942/22.

3. An 15 Meitheamh 2022, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa agus d'údaraigh sé don Chathaoirleach litir a sheoladh chuig Cathaoirleach an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ina gcuirtear in iúl, i gcás ina nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm a leagtar amach sa litir sin, faoi réir a athbhreithnithe ag saineolaithe dlí agus teanga an dá institiúid, go bhformheasfadh an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa agus go nglacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 23 Meitheamh 2022[2].

5. Ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Meitheamh 2022, d'aontaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-iarrfadh sé ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 27/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

6. In Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo, leagtar amach an ráiteas ón Ungáir le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle.

7. Iarrtar ar an gComhairle[3] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 27/22 é, a fhormheas.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[2] 10501/22.
[3] Níl an Danmhairg ná Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl siad faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.